



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2017

Scéim Mharcála

Gaeilge

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosá d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéisí foilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Páipéar I (160 marc)

Cuid I - Cluastuisicint - 60 marc

- (i) Tuisicint = 60 marc
- (ii) Cumas Gaeilge - (0-6) marc
- (iii) Iomlán =

Cuid A: 24 marc (Eolas)

Fógra 1: 3 mharc x 4 = 12 mharc

Fógra 2: 3 mharc x 4 = 12 mharc

12 + 12 = 24 marc

Cuid B: 24 marc (Eolas)

Comhrá 1: 3 mharc x 4 = 12 mharc

Comhrá 2: 3 mharc x 4 = 12 mharc

12 + 12 = 24 marc

Cuid C: 12 mharc (Eolas)

Píosa 1: 3 mharc x 2 = 6 mharc

Píosa 2: 3 mharc x 2 = 6 mharc

6 + 6 = 12 mharc

24 + 24 + 12 = 60

Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.

Triail Chluastuisceana

Téipscript

Cuid A

Fógra 1 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ón eagraíocht Foras na Gaeilge. Tá Foras na Gaeilge ag lorg Oifigeach Gaeilge do Chúige Laighean. Beidh oifig ag an duine a cheapfar i mBaile Átha Cliath, ach beidh sé ag obair le grúpaí pobail ar fud Chúige Laighean. Beidh dualgas ar an oifigeach Gaeilge imeachtaí a eagrú a chuirfidh an Ghaeilge chun cinn. Ar na cáilíochtaí atá riachtanach don phost seo, tá Gaeilge líofa, teastas sa bhainistíocht agus scileanna maithe cumarsáide. Is é an tuarastal ná €30,000 sa bhliain. Tá gach eolas faoin bpost seo le fáil ag www.gaeilge.ie. Is é an ceathrú lá de Bhealtaine an dáta deireanach le haghaidh iarratas.

Fógra 2 (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó na múinteoirí corpoideachais sna scoileanna dara leibhéal i dTrá Lí. Beidh lá eolais do scoláirí na hArdteistiméireachta ar siúl i halla na pobalscoile Dé Sathairn seo chugainn. Is é *Bí gníomhach, bí sláintiúil* téama an lae seo. Tosóidh na himeachtaí ar leathuair tar éis a naoi. Is í Máire Treasa Ní Dhubhghaill, láithreoir ar TG4, a chuirfidh tús leis an lá eolais. Beidh na múinteoirí corpoideachais ag caint ar maidin faoi nósanna sláintiúla itheacháin agus faoin tábhacht a bhaineann leis an aclaíocht. Tabhair leat do bhróga reatha mar beidh tú ag glacadh páirte in imeachtaí aclaíochta tráthnóna. €5 an costas a bheidh ar an lá. Má tá fonn ort clárú don lá eolais seo, seol ríomhphost chuig oifig@pobalscoil.ie. Bígí linn.

Cuid B

Comhrá 1 (Canúint Uladh)

An Chéad Mhír

Máthair Sheáin: Fáilte abhaile ón scoil, a Sheáin. Tá cuma shásta ort.

Seán: Tá an ceart agat, a Mhaim, tá mé an-sásta. Bhí an scrúdú Tíreolaíochta go breá ar maidin agus níl mórán obair bhaile le déanamh agam anocht.

Máthair Sheáin: Ó go maith. Tháinig fear an phoist ar maidin. Tá bille teileafóin duit thall ansin ar an tábla.

Seán: Ó sea...Ó in ainm Dé, tá an bille seo an-ard - €60 don mhí. Tá rud éigin cearr anseo; níor chaith mé an méid sin.

Máthair Sheáin: A Sheáin, ní dhéanann na comhlachtaí teileafóin botúin sna billí. Is agatsa atá an fhadhb a déarfainn.

Seán: Tá plean míosúil agam leis an chomhlacht sin, €30 sa mhí ar gach rud.

Máthair Sheáin: Bhuel a Sheáin, tá míniú simplí ar an fhadhb seo atá agat: Níor chloígh tú leis an phlean.

Seán: Caithfidh mé an bille seo a scrúdú go mion.

Máthair Sheáin: Tabhair dom é ar dtús, a Sheáin.

Seán: Seo duit.

An Dara Mír

Máthair Sheáin: Bhuel, a Sheáin, feicim rud amháin láithreach ar an bhille; caitheann tú an iomarca ama ar na meáin shóisialta.

Seán: Ach a Mham, is breá liom coinneáil suas leis na scéalta ar na meáin shóisialta, ar Facebook agus mar sin de. Tá sé sin faiseanta i measc na ndaoine óga.

Máthair Sheáin: Is gléas iontach é an fón cinnte, a Sheáin, ach é a úsáid i gceart. Bíonn costas ard air má bhíonn tú míchúramach.

Seán: Ní raibh bille mór mar seo agam riamh roimhe seo.

Máthair Sheáin: Ó, in ainm Dé, ní thuigim an t-aos óg. Tá fírinne sa seanfhocal “ní thagann ciall roimh aois”. Caithfidh tú a bheith ciallmhar, a Sheáin. Seiceáil Facebook agus na meáin shóisialta eile san áit a bhfuil ceangal Wi-Fi ar fáil nó fan go mbeidh tú sa bhaile.

Seán: Déanfaidh mé sin feasta. Ach tá mé i bponc i láthair na huaire. Níl go leor airgid agam chun an bille seo a íoc. An dtabharfaidh tú €30 ar iasacht dom?

Máthair Sheáin: Tabharfaidh mé an €30 duit an uair seo. Ach caithfidh tú ceacht a fhoghlaim ón rud seo ar fad.

Seán: Tá mo cheacht foghlamtha agam. Ní tharlóidh sé seo arís. Geallaim duit.

Comhrá 2 (Canúint na Mumhan)

An Chéad Mhír

- Oisín:** Haigh, a Áine. Conas atá tú?
- Áine:** Táim an-mhaith, a Oisín. Chaith mé an samhradh ar fad sa Bhruiséil.
- Oisín:** Sa Bhruiséil?
- Áine:** Sea. Bhí mé ag fanacht le mo dheirfiúr. Tá sí ag obair leis an Aontas Eorpach ansin.
- Oisín:** Cén obair a dhéanann do dheirfiúr?
- Áine:** Is aistritheoir í. Bíonn sí ag aistriú cáipéisí dlí go Gaeilge.
- Oisín:** Níor mhaith liom dul go dtí an Bhruiséil na laethanta seo. Níl an chathair sin sábháilte in aon chor. Tharla ionsaithe sceimhlitheoireachta ansin tamall ó shin, agus phléasc buamaí ann.
- Áine:** Is fíor sin, a Oisín, ach bhí gach rud ciúin fad is a bhí mise ann.
- Oisín:** An dóigh leat go bhfanfaidh do dheirfiúr sa Bhruiséil?
- Áine:** Fanfaidh, cinnte. Tá post buan aici ann agus chomh maith leis sin, ní chosnaíonn an eitilt abhaile go hÉirinn mórán.
- Oisín:** Fanfaidh sí sa Bhruiséil mar sin.

An Dara Mír

- Áine:** Conas a bhí an samhradh agat féin, a Oisín?
- Oisín:** Bhuel, níor thosaigh sé amach ró-iontach. Theastaigh post samhraidh uaim. Chuardaigh mé post i ngach óstán ar an mbaile seo. Theip orm aon phost a fháil agus bhí díomá orm faoi sin.
- Áine:** Is trua sin. Deir na polaiteoirí go bhfuil feabhas ar an ngeilleagar ach níl sé le feiceáil sa bhaile seo. Conas a chaith tú an samhradh mar sin?
- Oisín:** Bhí campa iománaíochta ar siúl sa chlub áitiúil. Mhúin mé scileanna iománaíochta do bhuachaillí agus do chailíní bunscoile ar an gcampa sin. Níor thuill mé aon airgead as.
- Áine:** Ach ar bhain tú taitneamh as?
- Oisín:** Bhain, cinnte. Agus rud eile de, ba mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir bunscoile tar éis na hArdteistiméireachta agus cabhróidh an taithí sin liom.
- Áine:** Maith thú, a Oisín. Bhí gach rud go breá ar deireadh.

Cuid C

Píosa 1 (Canúint Chonnacht)

Bunaíodh an compántas drámaíochta Fíbín sa bhliain 2003. Is é an aidhm atá acu drámaí Gaeilge a chur ar an stáitse ar bhealach taitneamhach. Tá oifigí ag an gcompántas in Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Tá ag éirí go maith leis an gcompántas drámaíochta Fíbín mar tá a gcuid léirithe feicthe ag na mílte duine in Éirinn agus thar lear. Baineann Fíbín úsáid as go leor teicnící drámaíochta ina gcuid léirithe - puipéid, ceol, maisc agus fuaimeanna. Beidh léiriú nua acu go luath. Tá dátaí agus ionaid an léirithe nua seo, chomh maith le praghas na dticéad, le fáil ar shuíomh idirlín an chompántais.

Píosa 2 (Canúint Uladh)

I mí Lúnasa seo caite, d'éirigh an t-imreoir sacair, Robbie Keane, as a bheith ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann. Rugadh Robbie Keane i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1980 agus chuaigh sé go Sasana ag imirt sacair nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois. D'imir sé le clubanna éagsúla i Sasana, in Albain, san Iodáil agus i Meiriceá. Chaith Robbie ocht mbliana déag ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann. Tá go leor gaiscí déanta aige mar imreoir ach is é an gaisce is mó a rinne sé ná gur imir sé 146 cluiche ar son na hÉireann, níos mó ná mar a d'imir aon pheileadóir eile. Tá sé ráite ag Robbie gur mhaith leis a bheith ina chóitseálaí amach anseo.

Cuid A (24 marc)

FÓGRA A hAON (12 mharc)

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cá mbeidh oifig ag an duine a cheapfar?	I mBaile Átha Cliath	3 mharc
	B.Á.C.	3 mharc
Cén saghas Gaeilge atá riachtanach don phost seo?	(Gaeilge) líofa	3 mharc
Cén tuarastal a gheobhaidh an duine a cheapfar?	(€)30,000	3 mharc
	30,000 (euro)	3 mharc
Cá bhfuil gach eolas faoin bpost seo le fáil?	www.gaeilge.ie	3 mharc

FÓGRA A DÓ (12 mharc)

1. (a) Cén áit i dTrá Lí a mbeidh an lá eolais seo ar siúl? **3 mharc**
- Halla na pobalscoile = 3 mharc
Pobalscoil = 2 mharc
Halla scoile = 2 mharc
Halla = 1 mharc
Sa scoil = 1 mharc
- (b) Cén t-am a thosóidh na himeachtaí? **3 mharc**
- 9.30 = 3 mharc
Leathuair tar éis a naoi = 3 mharc
2. (a) Cé a bheidh ag caint ar maidin? **3 mharc**
- Na múinteoirí corpoideachais = 3 mharc
Máire Treasa Ní Dhubhghaill = 3 mharc
Múinteoirí = 2 mharc
Láithreoir ar TG4 = 2 mharc
- (b) Cad is ceart a thabhairt leat? **3 mharc**
- Bróga reatha = 3 mharc
Bróga = 2 mharc
€5 = 3 mharc
5 euro = 3 mharc

Cuid B (24 marc)

COMHRÁ A hAON (12 mharc)

An Chéad Mhír

1. Cén scrúdú a bhí ag Seán ar maidin? **3 mharc**
- Tíreolaíocht = 3 mharc
2. Cad atá ar an tábla do Sheán? **3 mharc**
- Bille teileafóin = 3 mharc
Bille = 2 mharc
Bille fóin = 3 mharc

An Dara Mír

1. Cad air a gcaitheann Seán an iomarca ama, dar lena mháthair? **3 mharc**
- Na meáin shóisialta = 3 mharc
Na meáin = 2 mharc
Facebook = 2 mharc
Ar an bhfón = 2 mharc
2. Cé mhéad airgid a thabharfaidh a mháthair do Sheán? **3 mharc**
- (€)30 = 3 mharc
Tríocho (euro) = 3 mharc

COMHRÁ A DÓ (12 mharc)

An Chéad Mhír

1. Cén duine a raibh Áine ag fanacht leis sa Bhruiséil? **3 mharc**
- (A) deirfiúr = 3 mharc
2. Cén fáth nár mhaith le hOisín dul go dtí an Bhruiséil na laethanta seo? **3 mharc**
- Níl an chathair sábháilte = 3 mharc
Tharla ionsaithe sceimhlitheoireachta ann = 3 mharc
Phléasc buamaí ann = 3 mharc
Tá sé dainséarach ann = 3 mharc
Bhí buamaí/ionsaithe ann = 2 mharc
Pléascanna/Buamaí/ionsaithe = 1 mharc
Sceimhlitheoireacht = 1 mharc

An Dara Mír

1. Cár chuardaigh Oisín post samhraidh? **3 mharc**
- I ngach óstán ar an mbaile = 3 mharc
I ngach óstán = 3 mharc
Óstán = 2 mharc
In óstáin ar an mbaile = 3 mharc
2. Cad a bhí ar siúl sa chlub áitiúil? **3 mharc**
- Campa iománaíochta = 3 mharc
Campa = 2 mharc
Scileanna iománaíochta = 2 mharc
Múineadh iománaíochta = 2 mharc
Iománaíocht = 1 mharc

Cuid C (12 mharc)

PÍOSA A hAON (6 mharc)

1. Cathain a bunaíodh an compántas drámaíochta, Fíbín? **3 mharc**

Sa bhliain 2003 = 3 mharc

2003 = 3 mharc

Dhá mhíle is a trí = 3 mharc

2. Scríobh síos ceann **amháin** de na teicnící drámaíochta a úsáideann Fíbín ina gcuid léirithe. **3 mharc**

Púipéid = 3 mharc

Ceol = 3 mharc

Maisc = 3 mharc

Fuaimanna = 3 mharc

PÍOSA A DÓ (6 mharc)

1. Cathain a d'éirigh Robbie Keane as a bheith ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann? **3 mharc**

I mí Lúnasa seo caite = 3 mharc

Lúnasa 2016 = 3 mharc

I mí Lúnasa = 2 mharc

Lúnasa = 2 mharc

Anuraidh/an bhliain seo caite/2016 = 2 mharc

2. Cé mhéad bliain a chaith Robbie Keane ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann? **3 mharc**

18 mbliana = 3 mharc

Ocht mbliana déag = 3 mharc

18 = 3 mharc

Eolas (60) =

Gaeilge (0-6) =

Móriomlán (60) =

Cuid II – Ceapadóireacht – (100 marc)

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)

Leathleathanach nó breis:

Tasc = 2 mharc

Ábhar = 8 marc = 50 marc x 2

Cumas Gaeilge = 40 marc

= 100 marc

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

agus

(ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid príomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

[Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar. **Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ad rem.**]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

T (Tasc) (2) =

Á (Ábhar) (8) =

G (Gaeilge) (40) =

Réimse			Catagóir	40
Sármhaith	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	95%	38
		Meánach	90%	36
		Íseal	85%	34
An-mhaith	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	80%	32
		Meánach	75%	30
		Íseal	70%	28
Maith	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	65%	26
		Meánach	60%	24
		Íseal	55%	22
Maith go leor	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	50%	20
		Meánach	45%	18
		Íseal	40%	16
Lag	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	35%	14
		Meánach	30%	12
		Íseal	25%	10
An-lag	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	20%	8
		Meánach	15%	6
		Íseal	10%	4
Easnamhach	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge		5%	2

Páipéar II (200 marc)

CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc

Freagair **A** agus **B** anseo.

A – (50 marc)

Shlí an Atlantaigh Fhiáin – Turas a fhanfaidh i do chuimhne

Nóta: Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

1. (a) Scríobh síos **dhá** rud faoin turasóireacht in Éirinn sa bhliain 2016. (Alt 1)
3 marc + 2 marc = 5 marc

An chéad phointe eolais atá ceart = **3** marc; an dara pointe eolais atá ceart = **2** marc

- Thug 9.6 milliún duine as tíortha thar lear cuairt ar Éirinn (sa bhliain 2016)
- Thóg a lán Éireannach saoire sa bhaile (anuraidh freisin)

- (b) Luaigh **dhá** shlí a gcuirtear daoine ar an eolas faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin. (Alt 1)
3 marc + 2 marc = 5 marc

An chéad phointe eolais atá ceart = **3** marc; an dara pointe eolais atá ceart = **2** marc

- Taispeántar cláir ar an teilifís in Éirinn
- Taispeántar cláir ar an teilifís thar lear
- Bíonn ailt in irisí taistil
- Bíonn ailt ar na meáin shóisialta

2. (a) Tá a lán rudaí éagsúla le feiceáil ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.
Scríobh síos **dhá** cheann de na rudaí sin. (Alt 2)
3 marc + 2 marc = 5 marc

Aon dá cheann de na rudaí ón liosta thíos = **3** marc + **2** marc

- Inis Eoghain (Contae Dhún na nGall)
- Cionn tSáile (Contae Chorcaí)
- Tírdhreach
- Páirceanna
- Sléibhte
- Tránna
- Farraigí fiáine
- Caisleáin
- Páirceanna náisiúnta

(b) Conas atá a fhios againn go bhfuil áit speisialta ag *Route 66* i gcultúr Mheiriceá? (Alt 2) **5 mharc**

- Tá sé luaite ina lán amhrán agus ina lán leabhar = 5 mharc
- Tá sé luaite ina lán amhrán = 5 mharc
- Tá sé luaite ina lán leabhar = 5 mharc
- Is minic a bhíonn sé le feiceáil sna scannáin = 5 mharc

3. (a) Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil clú agus cáil ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin anois. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3 mharc**; an dara cúis atá ceart = **2 mharc**

- Na seirbhísí den scoth atá le fáil ar an tslí
- An fháilte mhór a chuirtear roimh na cuairteoirí

(b) Cén fáth a mbronntar bratach ghorm? (Alt 3) **5 mharc**

- Bronntar bratach ghorm nuair a bhíonn an trá agus an t-uisce glan agus sábháilte = 5 mharc

(Má fhágtar ainmfhocal nó aidiacht amháin ar lár is fiú 3 mharc an freagra.)

4. (a) Cén fáth a raibh Sceilg Mhichíl sa nuacht? (Alt 4) **5 mharc**

- Rinneadh cuid den scannán *Star Wars: The Force Awakens* ansin = 5 mharc

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin mainistir ar Sceilg Mhichíl. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad píosa eolais atá ceart = **3 mharc**; an dara píosa eolais atá ceart = **2 mharc**

- Tógadh mainistir ar na carraigeacha sa seachtú haois
- Bhíodh manaigh ina gcónaí sa mhainistir go dtí an dara haois déag

5. (a) Cén **dá** bhuntáiste a bhaineann leis an bpas speisialta atá ar fáil do thurasóirí? (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad bhuntáiste atá ceart = **3 mharc**; an dara buntáiste atá ceart = **2 mharc**

- Tugann sé cuntas do dhuine ar an méid den turas atá déanta aige
- Is spreagadh é chun filleadh agus an turas a chríochnú

(b) Cén t-eolas faoi Shlí an Atlantaigh Fhiáin atá le fáil ar an aip speisialta? (Alt 5)

5 mharc

2 cheann ón liosta = 3 mharc + 2 mharc

- Faoi lóistín
- Faoi bhialanna
- Faoi imeachtaí ar an tslí
- Léarscáileanna de Shlí an Atlantaigh Fhiáin

Nóta: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = ...

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

E (50) =

G (0-5) = -

Iom =

B – (50 marc)

Kíla – Tríocha Bliain ar an mBóthar

Nóta: Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

1. (a) Cad a rinne an grúpa ceoil Kíla sa bhliain 1987? (Alt 1) **5 marc**
- Thosaigh siad ag seinm go poiblí i mBaile Átha Cliath = 5 marc
 - Thosaigh siad ag seinm go poiblí = 3 marc
- (b) Cad a theastaigh ó Kíla a dhéanamh nuair a bhí siad ag tosú? (Alt 1) **5 marc**
- Theastaigh uathu ceolchoirm a dhéanamh i ngach contae in Éirinn = 5 marc
 - Theastaigh uathu ceolchoirm a dhéanamh i ngach contae = 5 marc
 - Theastaigh uathu ceolchoirm a dhéanamh = 3 marc
2. (a) Cén **dá** rud a bhíodh ar siúl ag na buachaillí agus iad ar scoil? (Alt 2) **5 marc**
- An chéad rud atá ceart = **3** marc; an dara rud atá ceart = **2** marc
- Bhíodh na buachaillí ag cleachtadh ceoil **agus** ag canadh le chéile ar scoil = 3 marc + 2 marc = 5 marc
 - Bhíodh siad ag cleachtadh ceoil = rud amháin
 - Bhíodh siad ag canadh le chéile = rud amháin
 - Ní raibh mórán airgid le déanamh as na gigeanna i dtús ama agus bhíodh ar bhaill an ghrúpa ag dul ag buscáil ar na sráideanna chun breis airgid a thuilleamh = rud amháin
- (b) Cén fáth a mbíodh ar bhaill an ghrúpa dul ag buscáil ar na sráideanna? (Alt 2) **5 marc**
- Ní raibh mórán airgid le déanamh as na gigeanna i dtús ama agus bhíodh ar bhaill an ghrúpa dul ag buscáil ar na sráideanna chun breis airgid a thuilleamh = 5 marc
 - Ní raibh mórán airgid le déanamh as na gigeanna i dtús ama = 5 marc
 - Chun breis airgid a thuilleamh = 5 marc
3. (a) Cén stíl cheoil atá ag an ngrúpa Kíla? (Alt 3) **5 marc**
- Meascán bríomhar de cheol traidisiúnta na hÉireann agus den cheol domhanda an stíl cheoil atá acu = 5 marc
 - Ceol traidisiúnta na hÉireann agus ceol domhanda = 5 marc
Ceol amháin i gceart = 3 marc (“Ceol traidisiúnta na hÉireann” nó “ceol domhanda” leis féin = 3 marc)

- (b) Scríobh síos **dhá** fháth a mbíonn gach ceolchoirm difriúil. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

Fáth amháin atá ceart = **3 mharc**; an dara fáth atá ceart = **2 mharc**

- Bíonn gach ceolchoirm difriúil ag brath ar na ceoltóirí **agus** ar na huirlisí a bhíonn ar an stáitse = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc
- Ag brath ar na ceoltóirí **agus** ar na huirlisí a bhíonn ar an stáitse = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc
- Athraíonn baill an ghrúpa ó am go chéile = fáth amháin
- Chomh maith leis sin, seinneann baill an ghrúpa a lán uirlisí difriúla = fáth amháin

4. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi *Alive Beo*, an t-albam nua a d'eisigh Kíla cúpla mí ó shin. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad píosa eolais atá ceart = **3 mharc**; an dara píosa eolais atá ceart = **2 mharc**

- Rinneadh an t-albam seo a thairfeadh beo = píosa eolais amháin
- Rinneadh an t-albam seo a thairfeadh i dTamhlacht i mBaile Átha Cliath = píosa eolais amháin
- Tá meascán d'amhráin nuachumtha agus d'amhráin mhóra an ghrúpa ar an albam = 2 píosa eolais = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc.
- Tá amhráin nuachumtha agus amhráin mhóra an ghrúpa ar an albam = 2 píosa eolais = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc

- (b) Bhí Kíla ag seinm ag **dhá** fhéile in Éirinn an samhradh seo caite. Scríobh síos ainmneacha an **dá** fhéile sin. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

- Traidphicnic (ar an Spidéal) agus Fleadh Cheoil na hÉireann (in Inis) = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc
- Ceann amháin de na féilte i gceart = 3 mharc

5. (a) Cá mbíonn Kíla le cloisteáil na laethanta seo? (Alt 5) **5 mharc**

- Bíonn siad le cloisteáil ag seinm ar fhuaimrian roinnt scannán agus roinnt clár teilifíse = 5 mharc
- Bíonn siad le cloisteáil ag seinm ar fhuaimrian roinnt scannán = 5 mharc
- Bíonn siad le cloisteáil ag seinm ar fhuaimrian roinnt clár teilifíse = 5 mharc

- (b) Cad atá sa leabhar a chuir Kíla amach sa bhliain 2011? (Alt 5) **5 mharc**

- Chuir siad amach leabhar sa bhliain 2011 ina bhfuil breis agus céad fonn a scríobh siad, chomh maith le filíocht agus grianghraif den ghrúpa = 5 mharc

Aon dá cheann ón liosta seo a leanas = **3 mharc + 2 mharc**

- Breis agus céad fonn a scríobh siad
- Filíocht
- Grianghraif den ghrúpa

Nóta: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = ...

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

E (50) =

G (0-5) = -

Iom =

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) Freagair na ceisteanna thíos faoin scannán *Cáca Milis* nó faoin dráma *An Lasair Choille*.**Cáca Milis**

(25 marc)

(i) Tá inní ar mháthair Catherine sa charr. Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil inní uirthi.**Dhá** chúis = 3 mharc + 2 mharc

(5 mharc)

Freagraí Samplacha:

- Tá inní uirthi nach bhfuil an bhean (Nóra, an cúramóir) a thugann aire di tagtha go fóill...
- Cheap sí nach raibh Nóra (an cúramóir) ag teacht...
- Tá sí ag iarraidh dul go dtí an leithreas ach caithfidh sí fanacht go dtí go dtiocfaidh Nóra...
- Tá inní uirthi nach mbeidh Catherine sa bhaile le haghaidh an tae...

(ii) Luaigh **dhá** rud atá le foghlaim faoi Paul sula suíonn sé síos os comhair Catherine ar an traein.**Dhá** rud = 3 mharc + 2 mharc

(5 mharc)

Freagraí Samplacha:

- Tá sé dall...tá spéaclaí dubha air...tá bata siúil aige...
- Tá cóta mór air...tá mála donn páipéir ina lámh aige...titeann an mála donn páipéir ar an urlár...
- Tá asma air...tá sé ag anáil go trom...
- Tá sé ciotach...sula dtagann sé a fhad le Catherine, buaileann sé in éadan suíocháin agus é ag dul thar suíochán atá folamh...
- Briseann aoibh an gháire air ó am go ham...
- Ní roghnaíonn sé suí sa chéad áit atá ar fáil...sula suíonn sé síos, déanann sé go leor torainn...
- Cuireann sé isteach ar Catherine agus é ag iarraidh a mhálaí a shocrú...

(iii) Cén t-eolas a thugann Paul do Catherine faoi bheith ar an raidió?

2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt

(5 mharc)

Freagraí Samplacha:

- Tá asma air...ceann de na cásanna ba mheasa riamh...
- Tá a asma chomh dona sin gur tugadh cuireadh dó dul ar chlár raidió...

- Tógadh go dtí an stiúideo é...íocadh as an tacsáí dó agus tugadh lón dó...
- Dúirt an dream a rinne an clár leis gur an-chainteoir a bhí ann...
- Tá sé bródúil as a bheith ar an raidió...

(iv) Déan cur síos ar bhréag **amháin** a insíonn Catherine do Paul.

Bréag **amháin** = 2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt

(5 mharc)

Freagraí Samplacha

- Insíonn Catherine bréag dó faoin loch mór...a lán bád ar an loch...
- Insíonn sí bréag eile dó nuair a deir sí leis go raibh péist sa cháca milis...gur ith sé an péist...dath bándearg ar an bpéist...blas an cháca ar an bpéist...

(v) An bhfuil trua agat do Paul sa scannán? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.

(5 mharc)

Tá/Níl = 1 mharc

Dhá fháth = 2 mharc + 2 mharc

Fáthanna Samplacha:

- **Tá** trua agam dó...tá sé dall...tá sé deacair air a bhealach a dhéanamh tríd an traein...tá sé dian air an tae agus an siúcra a láimhseáil...ní chabhraíonn aon duine leis...tá asma ag cur as dó...insíonn Catherine bréaga dó...cuireann Catherine an dallamullóg air...tógann Catherine a análoir...ní chabhraíonn Catherine leis agus é tinn...
- **Níl** trua agam dó...tá sé drochbhéasach...itheann sé róthapaidh...cuireann sé isteach ar Catherine cé go bhfuil a fhios aige go bhfuil sí ag léamh...tá sé ag maíomh as chomh maith is a bhí sé ar an gclár raidió...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

An Lasair Choille

(25 marc)

(i) Cén fáth nach bhfuil Micil, an seanfhear, ábalta codladh ag tús an dráma?

(5 mharc)

2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt

Freagraí samplacha:

- Bhí Séamas ag caint le Binncheol ag iarraidh air port amháin a chasadh dó...
- Bhí Séamas ag caint in ard a ghutha cosúil le hamadán...
- Bhí Séamas ag caint os ard mar cheap sé go raibh Micil ina chodladh...

(ii) Cad a cheapann Micil den chomhrá a bhí ag Séamas leis an mBúrcach faoi dhul go Sasana?

2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt

(5 mharc)

Freagraí samplacha:

- Seafóid an chaint sin, dar le Micil...
- Mhol Micil do Shéamas gan éisteacht leis an mBúrcach...
- Níl aon eolas ag an mBúrcach faoi na fadhbanna atá ag Séamas...
- Cad a dhéanfadh Séamas i Sasana?...
- Ní choinneodh aon duine eile é ach Micil é féin...
- Cheap Micil go raibh Séamas agus é féin ceart go leor le chéile - easpa géag ar Mhicil agus easpa meabhrach ar Shéamas...
- Ní bheadh Séamas ábalta aon rud a dhéanamh ar a chonlán féin i Sasana... ní rachadh sé i bhfad amú dá bhfanadh sé le Micil...
- Cad a tharlódh do Shéamas dá mbuailfeadh na fits é i Sasana?...

(iii) Scríobh **dhá** phíosa eolais faoin saol atá ag Míoda lena hathair, dar léi féin.

Dhá píosa eolais = 2 mharc + 3 mharc

(5 mharc)

Freagraí samplacha:

- Tá sí ag teitheadh óna hathair nach ligeann as a radharc riamh í...
- Níl cead aici dul chuig an gcéilí le haos óg an bhaile... í ina seasamh ag fuinneog mhór an pharlúis ag féachaint orthu agus brón agus doilíos ag líonadh a croí...
- Mhothaigh sí cosúil le héinín lag i ngéibheann...
- Ní bhíonn an dream óg ag cóisir sa chaisleán...
- Tá a máthair marbh le fada...
- Níl deartháir ná deirfiúr aici...
- Ní smaoiníonn a hathair go bhfuil a saol féin roimpi...
- Ba mhaith léi bualadh amach faoin saol agus rud níos fearr a dhéanamh di féin...
- Ní duine cantalach é a hathair mar ní dúirt sé focal riamh léi a chuirfeadh brón ná fearg uirthi...
- Tá a hathair ceanúil uirthi...

(iv) Tháinig athair Mhíoda go teach Mhicil agus labhair sé le Míoda agus le Séamas. Scríobh síos **dhá** rud a dúirt athair Mhíoda leo.

Dhá rud = 2 mharc + 3 mharc

(5 mharc)

Freagraí samplacha:

- Dúirt athair Mhíoda le Míoda dul abhaile chuig a campa féin...
 - Dúirt sé léi deifir a dhéanamh, gan bacadh le caint mar go raibh bóthar fada rompu...
 - Bhí athair Mhíoda míshásta le Séamas...
 - Dúirt sé le Séamas gur chóir go mbeadh náire air ag coinneáil Mhíoda go dtí an tráth sin agus ag iarraidh óinseach a dhéanamh di...
 - Dúirt sé le Séamas nach gcreidfeadh aon duine cailín tincéara...
- (v) An bhfuil trua agat do Shéamas sa dráma? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra. (5 mharc)

Tá/Níl = 1 mharc

Dhá fháth = 2 mharc + 2 mharc

Fáthanna samplacha: Tá trua agam do Shéamas... tá sé i ngéibheann... tá sé ag freastal ar Mhicil... níl meas ag Micil air... níl mórán éirime ann... bhagair athair Mhíoda ar Shéamas...

Fáthanna samplacha: Níl trua agam do Shéamas... tá sé i ngéibheann ach tá Micil ag cur teach agus bia ar fáil dó ach fós tá sé ag smaoineamh ar imeacht le Míoda agus Micil a fhágáil ina aonar... thug Micil dea-chomhairle dó ach b'fhearr leis éisteacht le daoine eile...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

(b) Hurlamaboc

(25 marc)

“Bhí Lisín sásta... Bhí a lán le ceiliúradh acu.” *Hurlamaboc*

Déan cur síos ar na cúiseanna a raibh Lisín sásta **agus** ar na rudaí a bhí le ceiliúradh aici féin agus ag muintir Albright.

5 phointe eolais agus 5 mharc ar gach pointe eolais.

(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt.)

Pointí Eolais samplacha:

- Bhí Lisín sásta mar bhí sí pósta le Pól le fiche bliain...
- Pól... d'aithin sí na féidearthachtaí a bhí i bPól nuair a phós sí é... fear saibhir, léannta... meas ag cách air... ardfhear... bhíodh sé ag ceannach stoc ar an idirlíon... bhí sé ina léachtóir san ollscoil i gcúrsaí gnó... a chuid airgid infheistithe sa chaoi nach raibh air mórán cánach a íoc... bhí árasáin agus tithe aige anseo agus ansiúd ar fud na hEorpa agus cíos á bhailiú aige uathu...
- Dúirt an teaghlach go raibh siad ag tnúth leis an gceiliúradh... bhí Cú (Cuán) ag tnúth leis an gceiliúradh... lig Ruán, an mac ba shine, air go mbeadh an chóisir go maith... bhí sé de nós aige an rud a bhí a mháthair ag iarraidh a chloisteáil a rá léi...
- Bhí a fhios ag Lisín go mbeadh an ceiliúradh go haoibhinn, go mbeadh an fhéile caithréimeach... bean tí den scoth a bhí i Lisín... an chuma uirthi go raibh sí ina hógbhean... bhí sí tanaí agus bhí gruaig fhada fhionn uirthi... bhí sí níos faiseanta agus níos néata ná bean ar bith eile ar Ascaill na Fuinseoige... bhí sí foirfe agus gealgháireach... ní raibh post aici, ní raibh ar Lisín dul amach ag obair... bhí sí gnóthach... bhí sí ina ball de mhórán eagraíochtaí agus clubanna... clubanna a léigh leabhair, clubanna a rinne dea-obair ar son daoine bochta, clubanna a d'eagraigh léachtaí ar stair áitiúil, ar gheolaíocht áitiúil agus ar litríocht áitiúil... bhí sí ina ball de chlubanna faoi conas do ghairdín a leagan amach agus é a bheith níos deise ná gairdíní na gcomharsan nó do theach a mhaisiú ionas go mbeadh do chairde in éad leat... d'fhreastail sí ar ranganna Spáinnise, Rúisise, Sínnise, Seapáinise... bhí suim aici i scannáin agus i ndrámáí... ní raibh sí riamh díomhaoin... ba bhean spéisiúil í a d'fhéadfadh labhairt ar aon ábhar faoin ngrian...
- An Chóisir... Lisín sásta go raibh gach rud idir lámha aici... gloiní agus fion ordaithe aici sa siopa fiona... reoiteoir lán le pióga agus ispíní agus bradán agus arán lámhdhéanta... an dara reoiteoir tógtha ar cíos aici agus é lán le rudaí deasa...
- An Teach agus a thimpeallacht... teach breá aici... dá mbeadh an lá go breá, bheadh an chóisir acu amuigh sa ghairdín... boird agus cathaoireacha faighte ar iasacht ag Lisín ó na

comharsana...dá mbeadh an aimsir go dona, bheadh an teach mór go leor do na haíonna ar fad...bhí gach rud glan, néata agus álainn sa teach...bhí péint nua ar na ballaí, snas ar na hurláir agus bláthanna sna prócaí...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Nóta: Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfíúntais.

B – PRÓS ROGHNACH – (50 marc)
--

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

(a) Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phearsa (an carachtar) is mó a thaitníonn leat sa scannán. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa scannán. **(25 marc)**

An phearsa (an carachtar) is mó a thaitníonn leat = **1** mharc
Na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa scannán = **22** marc

5 phointe eolais ag teastáil (**5** mharc an ceann ar an gcéad **dhá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na trí phointe eolais eile.) **(23 marc)**

5 mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
4 mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

Teideal an scannáin = **1** mharc
Ainm an scríbhneora = **1** mharc **(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

NÓ

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phearsa (an carachtar) is mó a thaitníonn leat sa dráma. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa dráma. **(25 marc)**

An phearsa (an carachtar) is mó a thaitníonn leat = **1** marc
Na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa dráma = **22** marc

5 phointe eolais ag teastáil (**5** marc an ceann ar an gcéad **dhá** phointe eolais + **4** marc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile.)

5 marc = **2** marc ar lomphointe eolais + **3** marc ar fhorbairt
4 marc = **2** marc ar lomphointe eolais + **2** marc ar fhorbairt

(23 marc)

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

Teideal an dráma = **1** marc
Ainm an scríbhneora = **1** marc

(2 marc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

(b) Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é an príomhthéama sa ghiota sin, dar leat? Tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghiota a léiríonn an príomhthéama sin. **(23 marc)**

Príomhthéama an ghiota = **3** marc
4 phointe eolais ag teastáil (**5** marc an ceann) = **20** marc
(**5** marc = **2** marc ar lomphointe eolais + **3** marc ar fhorbairt)

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

Teideal an úrscéil = **1** marc
Ainm an údair = **1** marc

(2 marc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).

A – FILÍOCHT AINMNITHE – (50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) Colscaradh (25 marc)

- (i) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, na príomhsmaointe atá i véarsa a haon.
(Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)
Dhá phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

Freagraí Samplacha: Bhí bean ag teastáil ón bhfear...bhí pósadh traidisiúnta ag teastáil ón bhfear...ba mhaith leis bean a bheadh sásta cónaí leis i dteach a shinsir...a bheadh sásta suí cois na tine leis...bean a thabharfadh grá dó...ba mhaith leis go bhfanfadh a bhean sa bhaile ag tabhairt aire do na páistí...ag déanamh cúraimí an tí...ba mhaith leis teacht abhaile tar éis lá oibre go dtí teach te teolaí agus a bhean agus na páistí ann...ba mhaith leis an bhfear clann shona agus go mbeadh áthas ar a bhean a bheith ag tógáil a bpáistí...

Nóta: Línte cuí díreach ó véarsa a haon gan rian an iarrthóra ar na pointí eolais =
2 mharc + 2 mharc

- (ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, **dhá** rud a bhí ag teastáil ón mbean ina saol i véarsa a dó. (8 marc)

Dhá rud = 4 mharc + 4 mharc

Freagraí Samplacha: Bhí fear uaithi...Ba mhaith léi pósadh nua-aimseartha...cuid den chumhacht...teach cónaithe...grá...leath dá raibh ag an bhfear...laethanta saoire thar sáile...go mbeadh meas ag cuid mhór daoine uirthi...stádas...cáil...neamhspleáchas...

Nóta: Línte cuí díreach ó véarsa a dó gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = 2 mharc + 2 mharc

- (iii) (a) Cén réiteach a bhí ag an mbeirt acu ar an bhfadhb? (2 mharc)

Freagraí Samplacha: Scaradar...scar siad...fuair siad colscaradh...colscaradh...d'fhág siad a chéile...

- (b) An réiteach sásúil é sin, dar leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (7 marc)
(Is leor **dhá** fháth.)

Is/Ní réiteach sásúil é = 1 mharc

Dhá fháth = 3 mharc + 3 mharc

Freagraí Samplacha:

Is réiteach sásúil é mar bhí mianta difriúla acu...níor thuig siad a chéile...bhí an fear róthraidisiúnta...bhí an bhean róleithleach...

Ní réiteach sásúil é mar bhí sé brónach...bhí siad i ngrá uair amháin...bhí trua agam don fhear/bhean...na páistí...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

(b) **An tEarrach Thiar** (25 marc)

(i) (a) Cén sórt lae atá ann i véarsa a haon? (2 marc)

Freagraí Samplacha: Tá sé ciúin, séimh, go maith, go hálainn, go breá, te...tá an ghrian ag taitneamh... i mbrothall lae...

Véarsa a haon, Línte 3 + 4 = 2 marc

(b) Cad atá ar siúl ag an bhfear i véarsa a dó? (2 marc)

Freagraí Samplacha: Tá sé ag obair...ag baint cliabh dá dhroim...ag bailiú feamainne...

Véarsa a dó, Línte 1 + 2 = 2 marc

(c) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin *gcurrach* i véarsa a ceathair. (2 marc + 2 marc)

Freagraí Samplacha: Tá an *currach* ar an bhfarraige...lán éisc...ag teacht i dtír...chun cladaigh...na fir ag dul abhaile ar an *gcurrach*...fuaim na maidí rámha...

Véarsa a ceathair, Línte 1 - 7 = 2 marc + 2 marc

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) de na mná a thugann an file dúinn i véarsa a trí. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)

Dhá phointe eolais = 4 marc + 4 marc

Freagraí Samplacha: Tá na mná ag obair...poill uisce...bhí lag trá ann...in aice na taoide...cois farraige...tá a gcótaí/a ngúnaí/a sciortaí tógtha suas acu...tá scáilí le feiceáil thíos faoi na mná san uisce...tá an ghrian ag taitneamh ar na mná...tá na mná ag bailiú feamainne/sliogéisc/sliogán...

Véarsa a trí, Línte 1 - 6 = 2 marc + 2 marc

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (9 marc)

Mothúchán = 1 marc

Dhá shampla = 4 marc + 4 marc

Línte cuí ón dán gan rian an iarrthóra orthu = 2 marc + 2 marc

Mothúchán: Meas, brón, díomá, grá, síocháin, suaimhneas, bród, áthas...

Samplaí: Tá na daoine/an file sona sásta leis an saol san Earrach...tá an file bródúil as a áit dúchais Inis Mór, Árainn...tá grá ag an bhfile don oileán...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Nóta: Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

B

– FILÍOCHT ROGHNACH –

(50 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.

Freagair **(a)** agus **(b)** anseo.

- (a)** (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad is téama don dán sin, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin** faoin téama sin sa dán.

(9 marc)

Téama = **1** mharc

Dhá phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

- (ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

Íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat = **1** mharc

Dhá fháth = **3** mharc + **3** mharc

- (iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

Atmaisféar a lua = **1** mharc

Dhá shampla = **3** mharc + **3** mharc

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc

Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

- (b) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, scríobh síos i **d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. **(9 marc)**

Dhá lompoinnte = **2** mharc (**1** mharc + **1** mharc)
Forbairt = **7** marc (**4** mharc + **3** mharc)

- (ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán. **(7 marc)**

An mothúchán is láidre = **1** mharc
Dhá shampla = **3** mharc + **3** mharc

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) **(7 marc)**

Is maith / Ní maith = **1** mharc
Dhá fháth = **3** mharc + **3** mharc

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn. **(2 mharc)**

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúduithe luaithe ar na leatháin mharcála agus réiltín (*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.

Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Litriú:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuisicint, Ceapadóireacht, Léamhthuisicint ná sna freagraí litríochta.

Cruinneas na Gaeilge:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfocal; ...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an úraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí...

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuisicint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge. [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc.
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuisicint** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. [Léamhthuisicint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuisicint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis. [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta. [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

Aicme	Cur síos ar chatagóirí	Marc as 40
Sármhaith	Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	34-40
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	28-33
Maith	Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	22-27
Maith go leor	Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach	16-21
Lag	Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach	10-15
An-lag	Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach	4-9
Easnamhach	Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach	0-3

Ní mór don scrúdaitheoir “**SMM i bhfeidhm-scrúd.**” a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

Leathanach Bán

